An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2024/2025

**28 Márta 2024 - 27 Márta 2025**




www.teachingcouncil.ie

# Forléargas:

**3**

Fhiosrúchán maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh curtha i gcrích.

18 lá éisteachta maidir le feidhmiúlacht chun múineadh - bainteach le fiosrúcháin atá críochnaithe agus cinn leanúnacha.

**6,523**

Múinteoir páirteach in Droichead.

**7,336**

Cláraí nua curtha leis an gClár.

**3**

Chinneadh maidir le smachtbhanna deimhnithe ag an Ard-Chúirt (baineadh gach duine acu den Chlár).

**25,845**

Múinteoir a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu.

**53**

Gearán maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh faighte.

**126,867**

Múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**4**

Clár a ndearnadh athbhreithniú orthu thar ceithre institiúid ardoideachais idir mí an Mhárta 2024 agus mí an Mhárta 2025 faoi Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

**34**

Aonach gairme ar freastalaíodh orthu ar fud na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Tá áit ríthábhachtach ag an teagasc inár sochaí. Ar fud na hÉireann, spreagann múinteoirí tiomanta fiosracht, cothaíonn siad cumas na ndaltaí, agus cothaíonn siad grá don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá gairm na múinteoireachta ina bunchloch faoin dul chun cinn a chuireann go buan le folláine agus le rath daoine aonair agus na sochaí trí chéile.**

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta do 2024/2025 a chur i láthair. Leis an tuarascáil seo, dírítear aird ar bhliain thábhachtach eile don Chomhairle maidir le gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn.

Is gairmithe iontaofa iad múinteoirí in Éirinn, a threoraítear leis na croíluachanna Meas, Cúram, Ionracas agus Iontaoibh. Tá múinteoirí agus scoileanna ag croílár ár bpobal, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun an tiomantas lena nglacann múinteoirí a ról gach lá a aithint.

Leis an tuarascáil seo, leagtar amach an dul chun cinn atá bainte amach ag an gComhairle thar na ceithre sprioc straitéiseacha atá againn; is iad sin; clárú agus soláthar múinteoirí, forbairt pobal gairmiúil comhoibríoch, feidhmiúlacht chun múineadh a chinntiú, agus acmhainní corparáideacha agus oibríochtaí inbhuanaithe.

Le 12 mhí anuas, cuireadh 7,336 cláraí nua leis an gclár. Áirítear leo sin 3,702 céimí nua a rinne a gclárú a chur i gcrích nó a thabhairt chun dáta le linn thréimhse an tsamhraidh, agus chuaigh clárú 3,252 múinteoir as feidhm nó baineadh iad den chlár. Fágann sin go bhfuil 126,867 múinteoir ar an gclár anois, ar méadú 4,124 é i gcomparáid leis an tráth seo anuraidh. Is cúis áthais é an méadú sin, lena dtacófar a thuilleadh leis an soláthar múinteoirí sa chóras. D'fhaomh an Chomhairle beart sealadach de chuid Droichead freisin lena ligtear do MNCanna Droichead a chur i gcrích fad a fhostaítear iad trí Phainéil Soláthair agus i bPoist Ama Scaoilte Príomhoide sa bhliain acadúil 2024/2025. Leis an mbeart sin, tacófar le coinneáil MNCanna agus cuideofar le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin soláthair.

Mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm, d'fhreastail an Chomhairle Mhúinteoireacht ar 34 aonach gairme agus earcaíochta ar fud Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann le bliain anuas.

Gné shuntasach d'obair na Comhairle i mbliana ba ea Scéim Sparánachtaí Féilte lenar bronnadh sparánachtaí de luach €100,000 ar scoileanna chun foghlaim ghairmiúil chomhoibríoch a chur chun cinn. Leis na sparánachtaí sin, tacaíodh le breis is 98 scoil chun páirt a ghlacadh in 27 tionscadal nuálach agus cruthaitheach.

Cuirtear i láthair leis na tionscadail sin tiomantas múinteoirí don fhoghlaim ghairmiúil agus iarrachtaí na Comhairle chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm. Rinneadh tuairisciú forleathan sna meáin áitiúla ar an scéim sparánachtaí lena ndéantar obair ionchuimsitheach chruthaitheach nuálach múinteoirí a cheiliúradh trína dtionscadail aonair.

Bhí réimse na Feidhmiúlachta chun Múineadh d'obair na Comhairle an-ghnóthach agus, mar aon le gearáin a láimhseáil, rinneadh dul chun cinn mór leis an obair chun nósanna imeachta agus teanga a athbhreithniú agus a dhéanamh níos simplí d'fhonn feabhas a chur ar an bpróiseas dóibh siúd uile atá bainteach leis.


Mar eagraíocht, tá dianobair déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir lenár struchtúir rialachais agus comhlíonta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú chun ár n-inbhuanaitheacht leanúnach a chinntiú, lena n-áirítear obair chun moltaí an Athbhreithnithe Chriticiúil Thréimhsiúil agus an Athbhreithnithe Dearaidh Eagraíochta a chur chun feidhme.

Tá mé thar a bheith buíoch as tiomantas chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta agus na bpáirtithe leasmhara uile a chuireann lenár misean. Cheap an tAire 16 chomhalta nua-thofa chun na Comhairle an 4 Aibreán 2024. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí atá ag dul as oifig as a gcuidiú agus fáilte a chur roimh chomhaltaí nua-thofa na Comhairle. Tá seirbhís dheonach chomhaltaí na Comhairle, arna dtacú le solúbthacht agus comhoibriú fostóirí, ríthábhachtach fós dár gcuid oibre.

Gabhaim buíochas ó chroí freisin leis an Stiúrthóir, an Dr Lynn Ramsey, agus lena foireann, as a ngairmiúlacht sheasmhach agus ár gcuspóirí straitéiseacha á gcur chun cinn.

Tá sé riachtanach go leanfar den luach agus iontaoibh a chur sa mhúinteoireacht mar ghairm in Éirinn. Trí chomhar lenár bpáirtithe, leanfaimid den obair ar mhaithe le leas an phobail trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialáil.





**Eamon Dennehy**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Stiúrthóra

**Baineadh amach garspriocanna suntasacha i rith na bliana seo caite maidir lenár ról a chomhlíonadh. Tá cosaint an phobail tríd an ngairm mhúinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ina cuid lárnach den ról seo.**

Le linn na tréimhse tuairiscithe, agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, bhí an Chomhairle faoi réir Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (ACT) arna mhaoirsiú ag an Roinn Oideachais. Léiríodh le ACT gur cuid lárnach den earnáil oideachais náisiúnta chasta í an Chomhairle Mhúinteoireachta agus, ónar cuireadh ar bun í, gur chomhlíon sí a sainordú maidir le cuidiú lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde gairmiúlachta agus cáilíochta mar bhonn don mhúinteoireacht in Éirinn. Léiríodh éachtaí móra le ACT agus sainaithníodh an t-aitheantas láidir i measc páirtithe leasmhara don ról tábhachtach a ghlacann an Chomhairle Mhúinteoireachta agus don rath atá uirthi maidir le córas rialála a fhorbairt don mhúinteoireacht in Éirinn. Faoi threoir thorthaí an athbhreithnithe sin, cuireadh roinnt príomh-mholtaí chun feidhme cheana féin agus tá an chuid eile á dtabhairt faoi go gníomhach, rud a chuireann le béim oibríochtúil feabhsaithe agus le hailíniú le spriocanna straitéiseacha.

Mar chuid dár dtiomantas inmheánach don dea-rialachas agus don dea-fheidhmíocht, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta Athbhreithniú Eagraíochta inmheánach i gcrích freisin. Leis sin, neartaíodh ár gcumas chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh trí éifeachtúlachtaí oibríochtúla inmheánacha a chruthú trí fheidhmeanna na Comhairle a chuíchóiriú. Sainaithníodh leis an Athbhreithniú freisin ceapacháin thábhachtacha is gá chun ár n-éifeachtacht a fheabhsú maidir lenár gcuspóirí reachtúla a bhaint amach. Orthu sin, tá ceapacháin Leas-Stiúrthóir eile a bhfuil freagracht acu as Rialachas agus Straitéis, Ceannasaí um Chlaochlú Digiteach agus Oifigeach Gaeilge.

I gcomhar le feabhsuithe struchtúrtha, choinníomar béim láidir ar chríonnacht agus éifeachtúlacht airgeadais. Trí shraith beart spriocdhírithe, leanaimid de dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo suíomh airgeadais níos inbhuanaithe go fadtéarmach, lena gcinnteofar go sásóimid éilimh amach anseo le hathléimneacht agus cuntasacht.

Mar rialtóir na gairme múinteoireachta in Éirinn, tá ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre uile bunaithe ar fhianaise. Is é is aidhm don staidéar taighde fadaimseartha “Turais Ghairmiúla Múinteoirí” atá á dhéanamh faoi mhaoirsiú na Roinne Oideachais agus Óige agus na Comhairle Múinteoireachta an fhianaise sin a sholáthar chun taithí saoil ar thurais ghairmiúla múinteoirí a thuiscint agus cuidiú le hardchaighdeán a choinneáil ar bun i ngairm na múinteoireachta. Spreagaimid iad siúd uile a bhfuil suim acu san oideachas súil a choinneáil ar an suíomh gréasáin tpjstudy.ie le haghaidh foilsiú na dtuarascálacha agus na nuashonruithe. Iarraimid ar mhúinteoirí freisin a gheobhaidh cuireadh sna míonna amach romhainn chun páirt a ghlacadh sa staidéar a bheith chomh gníomhach ann is féidir.

Is cúis áthais é dúinn an t-athbhreithniú náisiúnta a bheith curtha i gcrích ar Droichead: an Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil agus táimid ag tnúth le cur chun feidhme an chreata athbhreithnithe i mí Mheán Fómhair 2026. Is é sin anois an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach Múinteoir Nuacháilithe (MNC) bunscoile agus iarbhunscoile agus is céim lárnach é chun tacaíocht a thabhairt do MNCanna freastal ar riachtanais a ndaltaí.

Le bliain anuas, chuireamar creidiúnú 52 clár d’oideachas tosaigh múinteoirí i gcrích. Is bailiúchán saothar suntasach é sin lena gcinntítear go gcoinníonn soláthróirí clár ardchaighdeáin oideachais múinteoirí in Éirinn ar bun. Ina theannta sin, chuireamar tuarascáil ar athbhreithniú uilechórais i gcrích maidir le cur chun feidhme Céim: Caighdeáin d’Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

Le 12 mhí anuas, rinneadh grinnfhiosrúchán ar 25,845 múinteoir. Is príomhfheidhm reachtúil í sin a theastaíonn ón gComhairle chun an pobal a chosaint. Cinntíonn an Chomhairle gur duine cuí oiriúnach gach múinteoir cláraithe sula dtugtar clárú tosaigh nó athnuachan clárú múinteora.


Tá 126,867 múinteoir ar an gclár anois, an líon is airde ónar bunaíodh an Chomhairle in 2006. Tá an clár ag leanúint de bheith ag fás, rud a léiríonn suim láidir dul isteach sa ghairm agus tacaíocht do riachtanais lucht saothair atá ag athrú san earnáil.

Leanaimid de bheith ag cinntiú go bhfuil ár bpróisis maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh cothrom agus trédhearcach fad a choinnítear ardchaighdeáin ar bun ar mhaithe le leas an phobail. Cuireadh trí fhiosrúchán maidir le feidhmiúlacht chun múineadh i gcrích le bliain anuas.

D'ainneoin éifeachtúlachtaí atá beartaithe, agus mar thoradh ar ár gclár agus feidhmeanna a bheith ag leathnú, tá easnaimh mhóra in 2025/2026 á réamh-mheas againn. Táimid ag obair go dian lena chinntiú gur comhlacht poiblí láidir inmharthana í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá in ann a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an gCathaoirleach, comhaltaí na Comhairle, comhghleacaithe bainistíochta agus leis an bhfoireann as a ngairmiúlacht, tiomantas agus cuidiú luachmhar. Bhí a ngealltanas riachtanach maidir lenár ndul chun cinn a chur ar aghaidh. Ba mhaith liom cuidiú chomhaltaí na Comhairle ar cuireadh síneadh lena dtéarma i mí Aibreáin 2024 a aithint agus comhghairdeas a dhéanamh leis an 16 chomhalta nua-thofa a cheap an tAire an 4 Aibreán 2024. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt do agus meas a léiriú ar rannpháirtíocht leanúnach ár bpáirtithe leasmhara, a bhfuil a dtacaíocht fós ríthábhachtach dúinn agus an Chomhairle á tacú chun a sainordú a chomhlíonadh. Cuirim fáilte is fiche roimh ár Leas-Stiúrthóir nua, Margaret Hynds O'Flanagan, a mbeidh a saineolas agus ceannaireacht luachmhar dúinn agus ár spriocanna straitéiseacha á mbaint amach againn.





**An Dr Lynn Ramsey**
Stiúrthóir

# Ábhair


1. Cé muid féin 8
2. Tábhacht phoiblí ár gcuid oibre 11
3. Ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach 12


# Aguisíní


Aguisín 1 Ráitis Airgeadais 39

Aguisín 2 Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta 65

Aguisín 3 Coistí agus Painéil 66

Aguisín 4 Costais Chomhaltaí na Comhairle 2024 73

# 1

# Cé muid féin

## Ár ról

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.**

Déanaimid é sin trí chlárú reachtúil múinteoirí, lena gcinntítear gairm mhúinteoireachta ardcháilithe, a gcomhlíonann agus a gcloíonn a mbaill le hardchaighdeáin inniúlachta gairmiúla agus iompair ghairmiúil.

Gníomhaímid ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna déanaimid caighdeáin i ngairm na múinteoireachta a chaomhnú agus a fheabhsú.



# Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta

**Tá 37 comhalta ar an gComhairle. Is múinteoirí cláraithe 22 acu sin, ar thogh múinteoirí 16 acu. Tá an comhaltas comhdhéanta de:**

**11**
mhúinteoir bunscoile cláraithe, naonúr acu tofa ag múinteoirí cláraithe agus beirt acu ainmnithe as ceardchumann na múinteoirí.

**2**
ainmnithe ag institiúidí ardoideachais (IAOnna) sonraithe.

**5**
ainmnithe ag an Aire Oideachais, lena n-áirítear duine a dhéanann ionadaíocht thar ceann Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU).

**2**
ainmnithe ag coláistí oideachais.

**11**
mhúinteoir iar-bhunscoile, seachtar acu sin a thogh múinteoirí cláraithe agus ceathrar acu ar ainmnithe ceardchumann múinteoirí iad.

**4**
ainmnithe ag eagraíochtaí bainistíochta scoile (dhá bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil).

**2**
ainmnithe ag cumann náisiúnta tuismitheoirí.



# Cairt Eagraíochta na Foirne Ardbhainistíochta

**Le linn na bliana tuairiscithe, thacaigh foireann feidhmiúcháin de 67 an 27 Márta 2025, agus ceathrar múinteoirí ar iasacht ag tacú leo, leis an gComhairle Mhúinteoireacht ina cuid oibre.**



Stiúrthóir
**An Dr Lynn Ramsey**



Leas-Stiúrthóir Rialachais agus Straitéise
**Margaret Hynds O'Flanagan**



Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
**Phil Fox**



Ceannasaí Beartais & Cumarsáide
**Bríd Murphy**



Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha & Acmhainní Daonna
**Ruth Flynn**



Ceannasaí Airgeadais & TF
**Harry McGeary**



Ceannasaí um Chlaochlú Digiteach
**Jennifer Doyle**



Ceannasaí Clárúcháin
**Siobhán Healy**



Ceannasaí na gCaighdeán Gairmiúil
**Finola O'Dwyer, Dlíodóir**



Ceannasaí Aitheantais
**Laura Egan**

# 2

# Tábhacht phoiblí ár gcuid oibre

Áirítear na nithe seo a leanas, agus nithe eile nach iad, le príomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta:

- **Freagracht as clár múinteoirí cáilithe a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu a choinneáil ar bun in Éirinn.** Cinntíonn siad sin go gcomhlíonann múinteoirí na cáilíochtaí, na caighdeáin, na hinniúlachtaí agus na riachtanais charachtair is gá le haghaidh clárúcháin.
- **Ardchaighdeáin do mhúinteoirí in Éirinn a bhunú agus a chaomhnú.** Socraíonn an Chomhairle caighdeáin chun tréimhse iomlán gairme na mhúinteoirí a chumhdach, lena n-áirítear treoirlínte agus cóid a bhaineann lena n-iompar, eolas, scil agus inniúlacht ghairmiúil. Déanann an Chomhairle breithniú ar ghearáin agus déanann sí fiosrúcháin, nuair is cuí, maidir le feidhmiúlacht aon mhúinteora chláraithe chun múineadh.
- **Cáilíocht na gclár oideachais tosaigh múinteoirí a sholáthraíonn na hInstitiúidí Ardoideachais in Éirinn a chinntiú.** Áirítear leis sin próisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe chun ardchaighdeáin oideachais tosaigh múinteoirí a choinneáil ar bun, rud a chuireann le cáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama sa tír.
- **Caighdeáin a bhunú chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróisis ionduchtaithe a cheanglaítear ar bhonn reachtúil agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do mhúinteoirí cláraithe.** Socraítear tagarmharcanna córasacha leis sin lena dtacaítear le céimeanna tosaigh gairmeacha múinteoirí agus lena spreagtar foghlaim ghairmiúil leanúnach ar feadh a ngairme.
- **Taighde a choimisiúnú agus a sheoladh, agus sonraí agus fianaise á n-úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus faoi fhorbairt beartais.** Leis sin, soláthraítear moltaí atá bunaithe ar fhianaise agus cuirtear leis an bplé ar bheartais, cleachtais agus athchóirithe oideachais, d’fhonn ardchaighdeáin a chinntiú i ngairm na múinteoireachta.





# 3

# Ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach

**Cumhdaítear leis an tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse ón 28 Márta 2024 go dtí an 27 Márta 2025 agus leagtar amach inti an dul chun cinn atá déanta maidir lenár gceithre sprioc straitéiseacha a bhaint amach.**

# Cuspóirí Straitéiseacha

## 1. Clárú agus Soláthar Múinteoirí

Soláthar leordhóthanach múinteoirí cláraithe a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais scoile, lena n-áirítear éagsúlacht, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus le páirtithe leasmhara.

## 2. Pobail chomhoibríocha ghairmiúla ar mhaithe le hinbhuanaitheacht

Creataí agus tacaíochtaí praiticiúla a sholáthar do phobail ghairmiúla chomhoibríocha agus béim ar leith ar ionchuimsiú, áthas, agus cruthaitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaim ardchaighdeáin.

## 3. Feidhmiúlacht chun Múineadh

Leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil próisis maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh cothrom, cuí agus éifeachtach ar mhaithe leis an bpobal agus leis an ngairm.

## 4. Acmhainní corparáideacha a chur ar fáil do bhealaí inbhuanaithe oibre

Cultúr eagraíochtúil solúbtha, comhoibríoch agus nuálaíoch na Comhairle Múinteoireachta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, lena dtacaítear le foghlaim chomhroinnte agus le freagrúlacht do riachtanais rialála agus do thosaíochtaí náisiúnta.

# Cuspóir Straitéiseach 1: Clárú agus Soláthar Múinteoirí

- Rinne an tAire Oideachais, Norma Foley, in éineacht le Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, leasú ar Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta a fhaomhadh agus a shíniú ina dhlí i mí na Nollag 2021. Leis an leasú sin, cuirtear ar chumas múinteoirí faoi oiliúint a bhfuil an chéad dá bhliain de chlár creidiúnaithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí fochéime (bunscoileanna agus iar-bhunscoile) curtha i gcrích acu iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Is é Droichead, creat comhtháite ionduchtaithe na Comhairle do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna), an t-aon bhealach ionduchtaithe anois do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireadh bearta eatramhacha i bhfeidhm le linn na mblianta acadúla 2020/2021, 2021/2022, agus 2022/2023 chun solúbthacht a sholáthar do MNCanna a raibh tionchar ag an bpaindéim COVID-19 orthu. Nuashonraíodh na Coinníollacha Cleachtais Ghairmiúla Iarcháilíochta – Socruithe Idirthréimhseacha chun na hathruithe sin a léiriú agus chun tacú le MNCanna, scoileanna agus Foirne Tacaíochta Gairmiúla.
- Chuir an Chomhairle athbhreithniú náisiúnta i gcrích ar bheartas Droichead: an Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil i mí an Mhárta 2025, ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cuimsíodh suirbhé ar MNCanna, roinnt agallamh, fócasghrúpaí agus cruinnithe ráithiúla le príomhpháirtithe leasmhara leis an athbhreithniú sin ar Bheartas le linn na tréimhse tuairiscithe. Cuireadh cúig thuarascáil ar an athbhreithniú i gcrích i rith 2024, sular cuireadh na hathruithe deiridh ar Bheartas faoi bhráid na Comhairle i mí an Mhárta 2025, agus faomhadh iad. Cuirfear an beartas nuashonraithe chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2026.
- I mí an Mheithimh 2024, d'fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta beart sealadach freisin chun ligean do MNCanna atá fostaithe ar Phainéil Soláthair agus i bpoist Ama Scaoilte Príomhoide próiseas Droichead a chur i gcrích.
- I mí Aibreáin, Bealtaine, Samhain agus Nollaig 2024 agus Eanáir, Feabhra, agus Márta 2025 thug an Chomhairle Mhúinteoireachta agus foireann Ionduchtúcháin Droichead in Oide cuairt ar mhic léinn na bliana deiridh chun iad a chur ar an eolas faoi ról, feidhmeanna agus próiseas Droichead na Comhairle Múinteoireachta. Ina theannta sin, thaifead foireann Clárúcháin na Comhairle físeán chun treoir a thabhairt do MNCanna maidir leis an bpróiseas clárúcháin mear.
- Cuireadh meastóireacht próisis ar an Dara Timthriall de Chreidiúnú i gcrích i mí na Samhna 2024. Leis an tuarascáil ar Thimthriall 2 den chreidiúnú, fiosraíodh amlínte an Timthrialla, costais agus aiseolas ó phríomhpháirtithe leasmhara a raibh baint acu leis an bpróiseas.

- I mí Mheán Fómhair 2024, chuir an Chomhairle tuarascáil uilechórais ar chur chun feidhme Céim i gcrích. Leis an tuarascáil, fiosraíodh na príomhathruithe ar Chritéir 2011 i gcomparáid le Caighdeáin 2020 Céim, agus ansin díríodh ar struchtúr cláir, príomhghnéithe clár, an Ghaeilge i gcuraclam na bunscoile, taighde ar Shocrúcháin Scoile agus acmhainní a chur ar fáil do chláir.
- Idir mí an Mhárta 2024 agus mí an Mhárta 2025, faomhadh ceithre chlár ag ceithre IAO faoi Céim.
- Tugadh creidiúnú do chlár nua amháin, Baitsiléir Oideachais san Eacnamaíocht Bhaile agus Teicneolaíocht, ar comhshaothar é idir OCBÁC agus OTS, i mí an Mheithimh 2024.
- Fuair an Chomhairle aighneachtaí freisin do dhá chlár nua OTM le linn na bliana tuairiscithe, agus tá próisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe á ndéanamh faoi láthair.
- D'fhreastail an Chomhairle ar 34 aonach gairme agus aonach earcaíochta ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann chun an mhúinteoireacht mar ghairm bheatha a chur chun cinn. D'fhreastail foireann na Comhairle Múinteoireachta ar imeachtaí a dhírigh ar dhaltaí iar-bhunscoile agus ar mhic léinn tríú leibhéal, agus ar dhaoine fásta a bhí ag iarraidh aistriú go teagasc.
- Rinne an Chomhairle Céim 2 dá hathbhreithniú ar phróisis measúnaithe cáilíochta do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann a chur i gcrích. Cuireadh é sin faoi bhráid an Aire Oideachais, Norma Foley, an 27 Iúil 2024.
- Lean an Chomhairle de phróiseas clárúcháin saincheaptha do mhúinteoirí cáilithe ón Úcráin a oibriú agus lean sí freisin dá rannpháirtíocht le Tionscadal na Múinteoirí Imirceacha.



# Clár na Múinteoirí

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as baill de ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is éard atá i gceist leis sin Clár na Múinteoirí a bhunú agus a choinneáil ar bun, na caighdeáin a shocrú maidir le hiontráil ar an gClár, agus measúnú a dhéanamh ar iarratais ar iontráil ar an gClár.

**Líon iomlán múinteoirí cláraithe: 126,867**

| Bealach Clárúcháin | |
|---|---|
| Bealach 1: Bunscoil | 57,558 |
| Bealach 2: Iar-bhunscoil | 52,311 |
| Bealach 3: Breisoideachas | 19,045 |
| Bealach 4: Eile | 2,033 |
| Bealach 5: Múinteoirí faoi oiliúint | 3,659 |

**Tabhair faoi deara:** Féadfar múinteoirí a chlárú faoi níos mó ná bealach amháin. Tá na figiúirí thuas ceart amhail an 27 Márta 2025.

# An Clár

| | |
|---|---|
| **Líon iomlán cláraithe nua** | Cuireadh **7,336** cláraí nua ar an gClár sa bhliain tuairiscithe. |
| **As na céimithe nua** | Chuir **3,702** céimí nua a gclárúchán i gcrích nó nuashonraigh siad iad trí phróiseas clárúcháin mear Múinteoirí Nuacháilithe (MNC) de chuid na Comhairle le linn thréimhse an tsamhraidh.<br>Cláraíodh **2,055** múinteoir faoi oiliúint faoi Bhealach 5 le linn na bliana tuairiscithe. |
| **Céatadán múinteoirí fireanna agus baineanna ar an gClár** | Mar a tharla sna blianta roimhe seo, agus ag teacht le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile, is mná iad thart ar 76% de na múinteoirí cláraithe agus is fir iad 24% díobh. |
| **Líon múinteoirí a ndeachaigh a gclárú i léig/a baineadh den Chlár** | Chuaigh clárú **3,252** múinteoir i léig nó baineadh den Chlár iad. |
| **As na múinteoirí a ndeachaigh a gclárú i léig/a baineadh den chlár** | - **402** mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha um aghaidh a thabhairt, agus d'fhill 5 acu ar an gClár ina dhiaidh sin.<br>- **2,161** mar gheall ar neamhíocaíocht na táille athnuachana, agus d'fhill 66 acu sin ar an gClár ina dhiaidh sin.<br>- **346** mar gheall ar neamhchomhlíonadh an cheanglais chun ath-ghrinnfhiosrúchán a chur i gcrích.<br>- **301** duine a d'iarr go mbainfear iad go deonach.<br>- **41** básaithe.<br>- **1** a baineadh faoi Alt 44, tar éis Fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh (smachtbhanna deimhnithe ag an Ard-Chúirt). |

## Athnuachan Clárúcháin

Rinne 119,960 múinteoir a gclárú a athnuachan agus roghnaigh thart ar 99.84% an rogha íocaíochta ar líne.

## Clárú le Coinníollacha

Rinne 1,729 múinteoir iarratas ar shíneadh ama chun a coinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh.
As na hiarrataí sin ar shíneadh a fuarthas:

- Ceadaíodh 1,470 iarratas ar shíneadh
- Diúltaíodh do 61 iarratas ar shíneadh
- Bhí 198 iarratas ar shíneadh á mbreithniú tráth an tuairiscithe

## Painéal Clárúcháin

Breithníonn an Painéal Clárúcháin iarrataí a chuireann múinteoirí isteach ar shíneadh ama chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha a bhaineann lena gclárú, i gcomhréir le Nósanna Imeachta Measúnaithe na Comhairle um Iarraidh ar Shíneadh.

Tháinig an Painéal le chéile 12 uair agus bhreithnigh siad 269 iarrataí ar shíneadh ama. Bhreithnigh an fhoireann feidhmiúcháin 1,449 cás eile agus cuireadh faoi bhráid an Phainéil iad lena ndaingniú.

## Droichead

Bhí 6,523 múinteoir san iomlán páirteach i bpróiseas Droichead thar dhá bhliain acadúla, 2023/2024 agus 2024/2025.

Ghlac 4,499 MNC ar fud 1,948 scoil páirt i bpróiseas Droichead le linn na bliana acadúla 2023/2024. Astu sin:

- Chríochnaigh 2,143 MNC an próiseas roimh an mbliain tuairiscithe.

### Tábla: Forbhreathnú ar Droichead an 28 Márta 2024

| Cineál Scoile | MNCanna | Scoileanna |
|---|---|---|
| Bunscoil | 2,416 | 1,316 |
| Iar-bhunscoil | 2,083 | 632 |
| **Iomlán:** | **4,499** | **1,948** |

Sa bhliain acadúil 2024/2025, chuir 4,247 MNC tús leis an bpróiseas i 1,886 scoil ar fud na tíre.

### Tábla: Forbhreathnú ar Droichead an 27 Márta 2025

| Cineál Scoile | MNCanna | Scoileanna |
|---|---|---|
| Bunscoil | 2,090 | 1,239 |
| Iar-bhunscoil | 2,157 | 647 |
| **Iomlán:** | **4,247** | **1,886** |

## Athbhreithniú Beartais Droichead

Sa bhliain acadúil 2020/2021, ceapadh Droichead mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireadh tús le hAthbhreithniú Beartais Droichead i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus cuireadh i gcrích é le linn na bliana tuairiscithe. Cuireadh na céimeanna seo a leanas i gcrích le linn na bliana tuairiscithe:

- Reáchtáladh fócasghrúpaí le príomhpháirtithe leasmhara in Ionaid Tacaíochta Oideachais ar fud na tíre.
- Reáchtáladh comhairliúchán deiridh dírithe le páirtithe leasmhara i mí Feabhra 2025 agus cuireadh na dréachtathruithe ar bheartas i láthair.
- Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla le páirtithe leasmhara i rith na tréimhse tuairiscithe chun príomhthéamaí a d'eascair as an athbhreithniú a phlé.
- Cuireadh athruithe deiridh ar bheartas i láthair don Choiste Oideachais agus ansin don Chomhairle i mí an Mhárta 2025.
- Rinneadh tuarascálacha eatramhacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Comhairle lenar tugadh achoimre ar na téamaí a tháinig aníos san Athbhreithniú agus lena ndearnadh eolas d'athrú Beartais.
- Cuirfear an Beartas nuashonraithe chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2026.

## Bearta Sealadacha Droichead

I mí an Mheithimh 2024, d'fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta beart chun tacú le coinneáil MNC agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin soláthair múinteoirí. Leis an mbeart sin, tá MNCanna bunscoile atá fostaithe ar Phainéil Soláthair agus ar Phoist Ama Scaoilte Príomhoide in ann próiseas Droichead a chur i gcrích le linn na scoilbhliana 2024/2025.



## Grinnfhiosrúchán

Riarann an Chomhairle grinnfhiosrúchán múinteoirí chun críocha clárúcháin tosaigh, athnuachana clárúcháin agus fostaíochta.

| Líon múinteoirí a ndearadh grinnfhiosrúchán orthu: | 25,845 |
|---|---|
| - le haghaidh clárú tosaigh | 9,211 |
| - le haghaidh fostaíochta | 2,090 |
| - mar chuid de bheartas ath-ghrinnscrúdúcháin na Comhairle maidir le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar mhúinteoirí gach trí bliana | 14,544 |

Breithníonn Painéal Measúnaithe na Comhairle maidir le Cuibheas agus Oiriúnacht (MCO) nochtaí grinnfhiosrúcháin agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht duine aonair mar 'dhuine cuí agus oiriúnach' le haghaidh clárúcháin nó chun a gclárúchán a athnuachan.

| Le linn na 11 chruinniú MCO a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe, pléadh an méid seo a leanas: | |
|---|---|
| - nochtaí grinnfhiosrúcháin breithnithe (aighneacht amháin a bhain le ceanglas ath-ghrinnfhiosrúcháin múinteora) | 27 |
| - cás a chuir an fhoireann feidhmiúcháin i láthair dóibh lena ndaingniú | 61 |
| - nuashonrú a bhain le múinteoirí a d'fhaomh MCO le haghaidh clárú cheana féin | 15 |

Bhuail MCO le chéile chun trí chás a mheas faoi alt 19 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

### Córas nochta grinnfhiosrúcháin

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta feabhas ar a cuid seirbhísí ar líne maidir le grinnfhiosrúchán i mí na Samhna 2024. Is féidir le múinteoirí anois teacht ar a nochtadh grinnfhiosrúcháin (toradh grinnfhiosrúcháin) trína gcuntas Mo Chlárú. Leis an bhfeidhmiúlacht bhreise sin, cuirtear seirbhís níos éifeachtaí agus sothuigthe ar fáil do mhúinteoirí chun a nochtaí grinnfhiosrúcháin a rochtain, a fheiceáil agus a chomhroinnt.

### An Coiste Clárúcháin agus an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin

Tháinig an Coiste Clárúcháin agus an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin le chéile sé huaire le linn na tréimhse seo. Bhreithnigh an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin 36 cás.

### Athstruchtúrú na Foirne Aitheantais

Le linn na bliana tuairiscithe, ceapadh Ceannasaí Aitheantais tiomnaithe. Tá an Rannóg Aitheantais feistithe chun tacú le cuspóirí na Comhairle agus leanann sí d'amanna próiseála éifeachtúla maidir le cáilíochtaí a fhaightear lasmuigh de Phoblacht na hÉireann a choinneáil ar bun.

## Athbhreithniú ar Mheasúnú Cáilíochtaí

Sa bhliain tuairiscithe, faomhadh 684 iarratas ar mheasúnuithe cáilíochta (MC) le haghaidh clárúcháin. Méadú 4% is ea sin ar an líon iarratas a próiseáladh i gcomparáid leis an mbliain tuairiscithe roimhe sin. Acu sin, ba iarratais bhunscoile iad 351 faoi Bhealach 1, rinneadh 27 iarratas faoi Bhealach 4 (Eile) agus ba iarratais iar-bhunscoile iad 306 faoi Bhealach 2.

I gcomparáid le 2023, tháinig laghdú ar an meán-am próiseála in 2024 d'iarratais iar-bhunscoile ó 8 seachtaine go 7 seachtaine. Tháinig méadú ar an meán-am próiseála d'iarratais bhunscoile ó 4 seachtaine go 7 seachtaine, rud a léiríonn an méadú 29% ar an líon iarratas bunscoile a próiseáladh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

I gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023, tugadh 8% breise d'iarratais chun críche lena gclárú, méadú ó 414 go 447 iarratas.

Féadfaidh múinteoirí cláraithe iarratas a dhéanamh chun ábhar/ábhair bhreise a chur lena gclárú. Sa bhliain tuairiscithe, faomhadh 236 iarratas chun ábhar/ábhair bhreise a chur le clárú.

Leanadh d'athbhreithniú ar na próisis mheasúnaithe cáilíochtaí le linn na bliana tuairiscithe chun seirbhís d'iarratasóirí a fheabhsú agus caighdeáin á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. Cuireadh tuarascáil deiridh Chéim 2 i gcrích i mí na Bealtaine 2024.

## Achoimre ar thorthaí ó Athbhreithniú MC Chéim 2

Le cur chun feidhme obair leantach trí chéime le hiarratasóirí, cuidíodh le saincheisteanna a shainaithint níos luaithe sa phróiseas iarratais agus bhíothas in ann tacaíocht a thabhairt níos tapa.

Tháinig laghdú ar amanna próiseála.


Tugadh isteach príomhtháscairí feidhmíochta (PTF) nua chun feabhas a chur ar fheidhmíocht.

Rinneadh tástáil ar chlár píolótach chun an próiseas iarratais a dhéanamh níos éasca do chéimithe ó phríomhchlár amháin ag soláthróir oideachais múinteoirí i dTuaisceart Éireann.

## Scrúdú i Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann

Ní mór d'iarratasóirí múinteoirí iar-bhunscoile a chríochnaigh a gcuid oideachais lasmuigh de Phoblacht na hÉireann eolas ar chóras oideachais na hÉireann a léiriú trí scrúdú ar líne a dhéanamh i Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (S&S). Reáchtáiltear an scrúdú sin trí huaire sa bhliain, agus leagtar amach na dátaí agus na hiarrthóirí don tréimhse tuairiscithe thíos:

| Dáta an Scrúdaithe | Líon na nIarrthóirí |
|---|---|
| 13 Aibreán 2024 | 103 |
| 13 Iúil 2024 | 86 |
| 9 Samhain 2024 | 127 |



## Rialachán Leasaithe COVID-19 2023

Le linn 2020 agus 2021, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta bearta éagsúla chun feidhme chun tacú le scoileanna le linn COVID-19, lena n-áirítear Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú)(Leasú), 2021 (IR Uimh. 266 de 2021). Leis an rialachán sin, tugadh deis do mhúinteoirí a cháiligh thar lear ionduchtú a dhéanamh in Éirinn ar bhonn sealadach. Mar fhreagairt ar dhúshláin leanúnacha sláinte in 2023, thug an Chomhairle an rialachán sin isteach arís, agus ghlac sí le hiarratais faoi ón 22 Feabhra 2023 go dtí an 1 Feabhra 2024. Cuireadh próiseáil iarratas faoin rialachán sin i gcrích le linn na bliana tuairiscithe reatha.

| Iomlán iarratas a fuarthas | 290 |
|---|---|
| Clárú Coinníollach deonaithe | 179<br>(98 bunscoil)<br>(81 iar-bhunscoil) |
| Neamh-incháilithe lena n-áirítear:<br>- Measúnaithe agus measta lasmuigh den raon feidhme<br>- Curtha ar ceal mar gheall ar easpa doiciméad incháilitheachta caighdeánach<br>- Iarratas caighdeánach MC (a bhí cláraithe go hiomlán i ndlínse eile) | 110 |
| Ar siúl (céimeanna deiridh) | 0 |

## An Úcráin

I mí Aibreáin 2022, bhunaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta próiseas clárúcháin saincheaptha do mhúinteoirí cáilithe ón Úcráin faoi threoirlínte Threoir (AE) um Chosaint Shealadach. Tá an próiseas sin ar aon dul le Reachtaíocht AE um Aitheantas Frithpháirteach agus le treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cáilíochtaí na ndaoine atá ag teitheadh ó chogadh na hÚcráine a aithint. Amhail an 27 Márta 2025, faomhadh 273 iarratas: 28 don bhunscoil, 238 don iar-bhunscoil, agus 3 faoi Bhealach 3 (Breisoideachas) agus 4 faoi Bhealach 4 (Eile).


## Próiseas Fíoraithe na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas

Cuireann an Chomhairle seirbhís fíoraithe ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) san iar-bhunscoil lena chinntiú go gcomhlíonann a gcáilíochtaí fochéime riachtanais chlárúcháin na Comhairle. Cinneann IAOnna cáilitheacht le haghaidh iontráil MGO, agus deimhnítear le seirbhís fíoraithe na Comhairle cáilitheacht a bhaineann go sonrach le hábhar le haghaidh clárú, rud a bhrostaíonn próiseas samhraidh na Múinteoirí Nuacháilithe (MNC). In 2024, bhain 89% de mhúinteoirí MGO faoi oiliúint a bhí ag tosú a gclár dhá bhliain leas as an bpróiseas saor in aisce sin.

# Cuspóir Straitéiseach 2: Pobail chomhoibríocha ghairmiúla ar mhaithe le hinbhuanaitheacht

- Chun tacú le leabú Cosán sa chóras, rinne an Chomhairle, i gcomhar le foireann ceannaireachta Oide, cur i láthair comhpháirteach ag dhá Lá Foghlama Gairmiúla Meantóireachta Oide mar chuid dá gcláir ceannaireachta do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí in R2 2024.
- Le linn na bliana tuairiscithe, d'fhaomh an Chomhairle straitéis taighde na Comhairle, 'Straitéis maidir le Cinnteoireacht, Beartas agus Cleachtas atá bunaithe ar Fhianaise 2024-2026' in R3 2024. Leis an straitéis sin, cuirtear cur chuige straitéiseach i leith an taighde ar fáil mar rialtóir ar ghairm na múinteoireachta agus tá sí ailínithe lenár gcuspóirí mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach 2022 go 2027.
- Faoi Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan, cuireadh isteach 17 dtuarascáil taighde críochnaithe san iomlán, lena leagtar amach torthaí an taighde cistithe roimhe sin, agus rinne painéal athbhreithnithe ceaptha an chreata tacaíochta taighde breithniú orthu.
- Is ardán ar líne é T-REX (Malartú Taighde Múinteoirí) chun tacú le rannpháirtíocht sa taighde agus le taighde ó mhúinteoirí agus ó thaighdeoirí oideachais eile. Tugann sé tacaíocht chun na léargais is déanaí ó thaighde ceannródaíoch a rochtain agus a chomhroinnt. Éascaíonn agus tacaíonn sé freisin le comhráite, comhoibrithe, agus naisc níos láidre idir taighde, beartas, cleachtas agus idir scoileanna agus IAOnna. Tá an chéim forbartha deiridh á maoiniú i gcomhpháirt ag an Roinn Oideachais, ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Mar chomh-mhaoinitheoirí, tá ionadaíocht ag an gComhairle ar Choiste Maoinitheoirí T-REX, a tháinig le chéile faoi thrí le linn na bliana tuairiscithe agus a bhfuil ionadaíocht aici freisin ar Choiste Stiúrtha T-REX.
- Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta rochtain saor in aisce ar fáil do gach múinteoir cláraithe ar leabharlann ar líne d'irisleabhair agus ríomhleabhair ina bhfuil acmhainní breisithe do mhúinteoirí.
- I gcomhar idir an gComhairle, CNCM agus Oide, eisíodh ríomhphost taighde do gach múinteoir cláraithe in R2 2024, lenar leagadh béim ar ríomhleabhair agus ar ailt irisleabhair ar leabharlann ar líne na Comhairle Múinteoireachta a thacaíonn le múineadh na Matamaitice.

- Rinne an Chomhairle agus an Roinn Oideachais cistiú comhpháirteach ar staidéar taighde fadaimseartha, Turais Ghairmiúla Múinteoirí: An Chéad Deich mBliana, atá ag dul ar aghaidh leis an gcuibhreannas ina bhfuil Ollscoil Luimnigh (OL), an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), agus Coláiste Mhuire gan Smál (CMgS). Déanfar eispéiris luathghairme múinteoirí a fhiosrú leis an staidéar, de réir mar a chríochnaíonn siad oideachas tosaigh múinteoirí agus de réir mar a thagann siad chun a bheith aitheanta sa ghairm. Leanfaidh an staidéar ar aghaidh go dtí 2030 agus cuimseofar leis céimithe bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais ó ranganna 2019, 2022, 2025, agus 2026 mar aon le páirtithe leasmhara eile. Cuireadh an léirbhreithniú ar an litríocht don staidéar i gcrích in R4 2024. Cuireadh tús le dréachtú na Tuarascála Teicniúla: Dearadh agus Ionstraimí don staidéar agus cuireadh i gcrích í sa tréimhse tuairiscithe. Forbraíodh suíomh gréasáin tpjstudy.ie don staidéar taighde le linn na tréimhse tuairiscithe agus gníomhóidh sé mar uirlis cumarsáide do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara agus áireofar leis foilsiú na dtuarascálacha agus na n-aschur gaolmhara uile ón staidéar.



# Cuspóir Straitéiseach 3: Feidhmiúlacht chun Múineadh

- Faoi fheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh (Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, arna leasú) is féidir leis an gComhairle imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar i leith múinteoirí cláraithe maidir le hábhair thromchúiseacha. Nuair a dhéantar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus cinnfidh sí ar cheart déileáil leis trí nósanna imeachta foirmiúla araíonachta na Comhairle, lena bhféadfaí fiosrúchán maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh a áireamh.
- Más rud é, tar éis fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh, go gcruthaítear na líomhaintí i gcoinne múinteora, féadfaidh an Painéal Fiosrúcháin cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh nó cáineadh a thabhairt don mhúinteoir i scríbhinn, coinníollacha maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh a fhorchur ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint de Chlár na Múinteoirí. Is féidir fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh a thabhairt chun críche gan aon chinneadh i gcoinne an mhúinteora chláraithe. Sa chás go gcuirtear múinteoir ar fionraí nó go mbaintear den Chlár iad, níl siad i dteideal tuarastal atá maoinithe ag an Stát a fháil.
- Ba cheart gach gearán a thabhairt chuig scoil an mhúinteora ar dtús sula dtabharfar os comhair na Comhairle iad. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil riosca ann do leanbh nó duine soghonta, ba cheart é sin a chur in iúl, ar an gcéad dul síos, don Gharda Síochána agus do Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus ina dhiaidh sin ar aird na Comhairle Múinteoireachta.
- An 11 Bealtaine 2023, shínigh Norma Foley, an tAire Oideachais, na Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis atá le soláthar ag fostóir má bhristear fostaí óna bpost nó má éiríonn siad as), 2023, ar a dtugtar Fógraí Alt 37 freisin. Ón dáta sin, ní mór d'fhostóirí an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur ar an eolas nuair a dhífhostaítear múinteoir nó nuair a éiríonn siad as oifig tar éis gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal na scoile. Ní mór d'fhostóirí a thabhairt faoi deara freisin gur féidir leo gearán a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta ag am ar bith, má bhíonn imní orthu faoi oiriúnacht múinteora chun múineadh, fiú má fhanann an múinteoir i bhfostaíocht.
- I gcomhréir le cuspóir straitéiseach na Comhairle chun a chinntiú go bhfuil eolas don phobal agus do mhúinteoirí scríofa i mBéarla simplí agus go bhfuil sé éasca a thuiscint, tá an Fhoireann um Chaighdeáin Ghairmiúla ag céim chun cinn maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar leabhráin faisnéise 'Feidhmiúlacht chun Múineadh' agus ar threoir ghinearálta ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Rinneadh an t-eolas ar an rannán maidir le feidhmiúlacht chun múineadh ar an suíomh gréasáin, mar aon leis an eolas a scaiptear ar dhaoine den phobal a fhreastalaíonn ar fhiosrúcháin, a thabhairt cothrom le dáta le linn na tréimhse tuairiscithe. Leis sin, tugadh soiléiriú breise don phobal faoin bpróiseas maidir le feidhmiúlacht chun múineadh. Leagadh amach leis torthaí féideartha na bhfiosrúchán agus míníodh, i mBéarla simplí, an téarmaíocht a úsáidtear i rith an phróisis fiosrúcháin.
- Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ag an gComhairle ar Nósanna Imeachta an Choiste Imscrúdúcháin agus ar nósanna imeachta fiosrúcháin, mar iarracht próisis um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a chuíchóiriú a thuilleadh, i gcomhréir le Plean Straitéiseach 2022-2027 de chuid na Comhairle. Táthar ag súil go dtabharfaidh toradh an athbhreithnithe sin éifeachtúlachtaí breise isteach sa phróiseas do na páirtithe leasmhara go léir atá i gceist.

## Ardchaighdeáin iompair agus cleachtais ghairmiúil a chinntiú

Faigheann agus fiosraíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta gearáin i leith múinteoirí cláraithe, rud a d'fhéadfadh fiosrúchán maidir le feidhmiúlacht an mhúinteora chun múineadh a bheith mar thoradh air sa deireadh thiar.


### Imscrúdú ar ghearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Is coiste scagthástála é an Coiste Imscrúdúcháin a dhéanann breithniú agus imscrúdú ar ghearáin a fhaightear faoi mhúinteoirí cláraithe.

**91** gearán os comhair an Choiste Imscrúdúcháin le linn na bliana tuairiscithe ón 28 Márta 2024 go dtí an 27 Márta 2025.


**53** gearán nua a fuarthas le linn na tréimhse tuairiscithe ón 28 Márta 2024 go dtí an 27 Márta 2025.

## Dul chun cinn 53 gearán a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe



# Miondealú ar na gearáin a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe, de réir bealach clárúcháin

## Gearáin de réir Bealach Clárúcháin




*Cláraithe a bhfuil cáilíocht mhúinteoireachta san oideachas speisialta a fuarthas lasmuigh den Stát nó a cláraíodh roimhe seo leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialachán 3 nó Bealach 4.

## Foinse 53 gearán

| | |
|---|---|
| **33** | **Tuismitheoirí** |
| **11** | **An Chomhairle Mhúinteoireachta tríd an gCoiste Feidhmiúcháin, tar éis don ghearán teacht ar aird na Comhairle trí na meáin, Fógraí Fostóirí Alt 37 nó ar shlí eile** |
| **1** | **Múinteoir/comhghleacaí/gairmí eile** |
| **4** | **Duine den phobal/tríú páirtí (ní tuismitheoirí ná dalta)** |
| **2** | **Príomhoide nó Fostóir (i.e. Bord Bainistíochta nó BOO)** |
| **2** | **Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach** |

## Fógraí Fostóra Alt 37

Le linn na bliana tuairiscithe, fuarthas seacht bhfógra ó fhostóirí faoi Rialacháin 2023 – I.R. Uimh. 230 de 2023.




| Catagóirí Gearán a Fuarthas* | Líon Gearán |
|---|---|
| Iompar/iompraíocht<br>lena n-áirítear mí-úsáid chorpartha/ionsaí, ionsaí ó bhéal, teagmháil ghnéasach/dlúthchaidreamh le dalta, caidreamh pearsanta míchuí le dalta (neamhghnéasach), cumarsáid mhíchuí (de chineál gnéasach agus neamhghnéasach), bulaíocht, iompar idirdhealaitheach agus úsáid mhíchuí na meán sóisialta. | 36 |
| Inniúlacht/feidhmíocht/cleachtas | 7 |
| Imní maidir le folláine mhíochaine | 1 |
| Ciontuithe coiriúla | 2 |
| Mímhacántacht/ionracas gairmiúil | 13 |
| Sárú ar an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí | 50 |
| Gearán a bhaineann le múinteoirí i dtimpeallachtaí riachtanas speisialta | 9 |

*Tabhair faoi deara: Is féidir níos mó ná catagóir ghearáin amháin a cheangal le gearán aonair.

## An Coiste Feidhmiúcháin

Tá feidhmeanna tarmligthe ag an gCoiste Feidhmiúcháin ón gComhairle maidir le gearáin a dhéanamh nó iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar orduithe eatramhacha fionraíochta i ndáil le múinteoirí cláraithe.

Chinn an Coiste Feidhmiúcháin freisin, faoi alt 47 den Acht, gur cheart don Chomhairle iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte, ar mhaithe le leas an phobail, ar Ordú chun clárú mhúinteoirí cláraithe a fhionraí, ar feadh tréimhse sonraithe le linn na bliana tuairiscithe. Dheonaigh an Ard-Chúirt an t-ordú.

**11 ghearán déanta ag Coiste Feidhmiúcháin na Comhairle Múinteoireachta.**

## Iarratais ar fhionraí a bhreithnigh an Coiste Feidhmiúcháin le linn na bliana tuairiscithe

| Torthaí cúig ábhar alt 47 | | |
|---|---|---|
| Ar thrí ócáid, comhaontaíodh srian a chur le cleachtas leis an gCoiste Feidhmiúcháin. | Ar ócáid amháin, dheonaigh an Ard-Chúirt Ordú fionraíochta alt 47. | Ar ócáid amháin, ghlac an Ard-Chúirt gealltanais ó mhúinteoir cleachtas a shrianadh, seachas Ordú alt 47 a dheonú. |

## Gearáin curtha ar aghaidh chuig Fiosrúchán

12 ghearán curtha ar aghaidh chuig fiosrúchán le linn na bliana tuairiscithe.

## Fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Bhí raon ábhar ag na gearáin a cuireadh ar aghaidh chuig fiosrúchán, lena n-áirítear:

- Cásanna ciontaithe a bhain le ciapadh agus stalcaireacht agus cionta goide/calaoise
- Mí-iompar gairmiúil lena n-áirítear iompar bagrach le comhghleacaithe, agus iompar calaoiseach/mímhacánta, mar shampla, doiciméadacht bhréagach a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta agus/nó fostóirí
- Mí-iompar gnéasach/caidreamh míchuí le daltaí
- Cumarsáid mhíchuí le daltaí trí na meáin shóisialta
- Gearáin a bhain le múinteoirí i dtimpeallachtaí riachtanas speisialta oideachais
- Mí-úsáid/ionsaí corpartha daltaí

## Formáid agus stádas Fiosrúchán maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh 2024/2025

### Formáid na 5 fhiosrúchán

**5** go Poiblí*

**0** go Príobháideach

### Stádas na 5 fhiosrúchán

**3** Curtha i gcrích

**2** Fós ar siúl

**3** Múinteoir
Cinneadh líomhaintí cruthaithe

**1** Bainte ón gClár

**1** Ar Fionraí

**1** Fionraí agus Cáineadh**

*5 Fhiosrúchán a reáchtáladh go poiblí, agus rinneadh gach páirtí a anaithnidiú sna 5 chás sin
** Cáineadh = fíor-mhíshástacht a léiriú

## Staitisticí Fiosrúcháin 2024/2025

| Le linn na bliana tuairiscithe 2024/2025 | |
|---|---|
| Fiosrúcháin ag an gcéim phleanála/ar feitheamh críochnaithe ag tús na bliana tuairiscithe | **16** |
| Gearán nua curtha ar aghaidh lena bhFiosrúchán | **12** |
| Réamhéisteachtaí a tionóladh | **11** |
| Fiosrúcháin déanta – 3 ar éisteadh leo ina n-iomláine/ 2 fhiosrúchán fós ar siúl | **5** |
| Líon cinntí smachtbhanna a dheimhnigh an Ard-Chúirt (ceann acu a bhain le baint den Chlár agus dhá fhionraí ón gClár) | **3** |
| Líon foláireamh iar-fhiosrúcháin AE a ardaíodh | **3** |
| Líon foilseachán ar an suíomh gréasáin (torthaí agus smachtbhannaí iar-Fhiosrúcháin) | **3** |

## Fógraí do Bhallstáit an AE

Tá dualgas ar an gComhairle Mhúinteoireachta fógra a thabhairt do gach Ballstát eile den Aontas, áit a bhfuil cosc nó srian ar chleachtas múinteora chláraithe. Eisíodh foláirimh maidir le triúr múinteoirí cláraithe, a cuireadh ar fionraí nó a baineadh den Chlár, tar éis Fhiosrúchán Chuid 5 maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Ceanglaítear ar an gComhairle freisin foláirimh AE a eisiúint, i gcás ina gceadaíonn an Ard-Chúirt fionraí eatramhach múinteora, de bhun Alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta. Ardaíodh foláireamh amháin sna cúinsí sin le linn na bliana tuairiscithe.

Eisítear foláireamh AE freisin i gcásanna ina gcomhaontaíonn múinteoir cláraithe a gcleachtas a shrianadh i gcomhréir le hiarraidh ón gCoiste Feidhmiúcháin. Eisíodh trí fholáireamh den sórt sin le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo.



# Cuspóir Straitéiseach 4: Acmhainní corparáideacha a chur ar fáil do bhealaí inbhuanaithe oibre

- Reáchtáladh Toghcháin na Comhairle Múinteoireachta in 2024 le haghaidh 16 phost comhalta múinteora, mar a leagtar amach san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta. Acu sin, tháinig naonúr ón earnáil bhunscoile agus seachtar ón earnáil iar-bhunscoile. Ceanglaítear leis an Acht freisin, agus toghcheantair á gcinneadh, gur cheart toghchán comhaltaí a dhéanamh ar bhonn geografach atá chomh cothrom agus is féidir. Bhí naoi dtoghcheantar ann san iomlán. I gceithre cinn de na toghcheantair, ní raibh an líon iarrthóirí níos mó ná an líon suíochán agus, i ngach ceann de na toghcheantair sin, measadh na hiarrthóirí a bheith tofa gan vótáil an 30 Eanáir. Bhí an vótáil sna cúig thoghcheantar eile ar siúl ón 22 Feabhra go dtí an 12 Márta 2024. Fógraíodh na torthaí in Oifig na Comhairle Múinteoireachta an 13 Márta. Cheap an tAire na 16 chomhalta nua-thofa don Chomhairle an 4 Aibreán 2024.
- Éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeidh comhlachtaí poiblí neamhthráchtála faoi réir Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (ACT) tráth nach déanaí ná gach cúig bliana. Ag teacht leis an gCód, thug an Roinn Oideachais faoi ACT maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Bhreithnigh an t-athbhreithniú cé chomh maith agus atá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag comhlíonadh a sainordaithe reachtúla agus ábharthacht an chreata reachtaigh do nádúr athraitheach na hoibre. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an gcaoi a bhféadfadh athruithe ar thimpeallacht sheachtrach na Comhairle Múinteoireachta dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht. Rinne sé measúnú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a struchtúr rialachais, ceannaireachta agus eagraíochtúla, agus ar a fheidhmíocht agus a sheachadadh eagraíochtúil. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán ar shuíomh gréasáin na Roinne.
- Cuireadh athbhreithniú cuimsitheach ar Dhearadh Eagraíochta i gcrích in R1 2024. Cinnteoidh an plean athbhreithnithe agus lucht saothair sin go mbeidh na hacmhainní, an tallann, na scileanna agus an cumas ag an gComhairle Mhúinteoireachta i struchtúr barrmhaith chun a príomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tar éis fhaomhadh na Comhairle, thug an Roinn Oideachais údarú do gach post nua in R2 2024. Thosaigh earcaíocht le haghaidh príomhphoist straitéiseacha in R3 2024 agus ceapadh Ceannasaí Aitheantais nua in R4 2024 agus ceapadh Ceannasaí um Chlaochlú Digiteach agus Leas-Stiúrthóir Rialachais agus Straitéise nua in R1 2025. Tá an earcaíocht le haghaidh poist eile ag dul ar aghaidh ó R3 2024 agus ba cheart dóibh a bheith críochnaithe faoi dheireadh R2 2025.

- In R4 2024 thug an Chomhairle isteach Beartas Saorálaíochta. Leis an mbeartas sin, ligtear do gach ball foirne agus Comhlaigh Mhúinteoireachta lá amháin a ghlacadh saor ón obair gach bliain chun obair dheonach a dhéanamh le Carthanas Cláraithe. I gcomhréir lenár dtiomantas d'fholláine agus freagracht shóisialta foirne, leis an mbeartas saorálaíochta, cuirtear luach sóisialta dáiríre ar fáil trí rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn i bpobail áitiúla agus trí fhostaithe a chumhachtú chun cuidiú le cúiseanna fiúntacha.
- In R4 2024 thug an Chomhairle isteach Beartas Saorálaíochta. Leis an mbeartas sin, ligtear do gach ball foirne agus Comhlaigh Mhúinteoireachta lá amháin a ghlacadh saor ón obair gach bliain chun obair dheonach a dhéanamh le Carthanas Cláraithe. I gcomhréir lenár dtiomantas d'fholláine agus freagracht shóisialta foirne, leis an mbeartas saorálaíochta, cuirtear luach sóisialta dáiríre ar fáil trí rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn i bpobail áitiúla agus trí fhostaithe a chumhachtú chun cuidiú le cúiseanna fiúntacha.



## Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá an Chomhairle Mhúinteoireacht tiomanta do gach iarracht a dhéanamh le bheith tíosach ar fhuinneamh. I mí Feabhra 2025, d'íoc an Chomhairle Mhúinteoireachta €225.23 leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 chun cúiteamh a dhéanamh ar astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil.

- Ciliméadair iomlána a taistealaíodh ar eitiltí: 54,311km
- Tonna iomlána $CO_2$ is infheidhme: 4,022
- Suim iomlán íníoctha: €225.23



## Cosaint Sonraí

Tá sainordú ag an gComhairle Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) a bheith aici. Is amhlaidh atá mar gheall ar a hoibleagáidí dlíthiúla mar rialtóir ghairm na múinteoireachta, agus an méid sonraí pearsanta a phróiseálann sí. Sonraíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí freisin nach mór don OCS sin a ndóthain acmhainní a bheith acu, is é sin, an t-am, na hacmhainní, agus comhar ó gach rannóg ar ábhair a bhaineann le cosaint sonraí. Le haon saincheist a chuireann bac ar OCS a ról a chur i gcrích, fágtar riosca méadaithe don eagraíocht, dá páirtithe leasmhara agus an fhéidearthacht le haghaidh damáiste clú.

Tá gnéithe éagsúla i gceist le ról OCS agus cuimsítear gach gné den eagraíocht. Ceann de phríomhdhualgais OCS is ea iarrataí ar chearta a chomhlíonadh agus sáruithe ar shonraí pearsanta a bhainistiú.

**Sa bhliain tuairiscithe fuair an Chomhairle an líon iarrataí seo a leanas:**

- Iarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí: 1
- Iarrataí ar cheartúcháin: 0
- Iarrataí ar scriosadh: 1
- Idirghníomhaíochtaí leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí – gearáin, cruinnithe leantacha agus ceisteanna: 3

**Agus líon na sáruithe ar shonraí pearsanta:**

- Tuairiscithe don Choimisiún um Chosaint Sonraí: 1

Ceanglaítear ar gach eagraíocht oiliúint agus feasacht a sholáthar i réimse na Cosanta Sonraí. Ceanglaítear ar gach fostaí tabhairt faoi mhodúl ríomhfhoghlama ar Chosaint Sonraí mar chuid dá n-ionduchtú agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2014. Fuair an Chomhairle 23 iarraidh um Shaoráil Faisnéise (SF) idir Márta 2024 agus deireadh mhí an Mhárta 2025. Foilsítear sonraí na n-iarrataí neamhphearsanta go léir go ráithiúil ar an suíomh gréasáin.

## Cothromaíocht inscne i gcomhaltas na Comhairle

Amhail an 27 Márta 2025, bhí 51% comhaltaí baineanna agus 49% comhaltaí fireanna i gcomhaltas na Comhairle.

Dá bhrí sin, comhlíonann an Chomhairle a hoibleagáid faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá beartas agus creat bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a ndéantar athbhreithniú rialta air. Tacaíonn an doiciméad sin le sainaithint, measúnú, monatóireacht, bainistíocht agus athbhreithniú leanúnach ar rioscaí agus forbraíodh é agus tagairt á déanamh don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus treoir foilsithe eile maidir le bainistíocht riosca san earnáil phoiblí.

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na Comhairle le chéile cúig huaire idir mí an Mhárta 2024 agus mí an Mhárta 2025 agus thuairiscigh siad don Chomhairle ag gach cruinniú.

Tá Cód Iompair inmheánach ag an gComhairle do Chomhaltaí na Comhairle agus don fhoireann bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Ionracas
- Eolas
- Oibleagáidí
- Dílseacht
- Cothroime
- Obair agus timpeallacht sheachtrach
- Freagracht
- Athbhreithniú

## Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 — Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas)

Tá an Chomhairle tiomanta deireadh a chur le hidirdhealú, cearta an duine a chosaint agus comhionannas a chur chun cinn i measc ár bhfoirne agus úsáideoirí á seirbhíse. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun a chinntiú go ndéantar breithniú ar chearta an duine agus ar chomhionannas i bhforbairt beartas, nósanna imeachta agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Tá Cód Iompair inmheánach ag an gComhairle do Chomhaltaí agus Foireann na Comhairle. Cruthaíonn an cód sin, mar aon le gach reachtaíocht ábhartha lena n-áirítear an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 cultúr na Comhairle Múinteoireachta.

Comhlíonann an Chomhairle Mhúinteoireachta a Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de réir treorach ón gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Tá Oifigeach Rochtana ar fáil chun cúnamh agus treoir a sholáthar nó a shocrú do dhaoine faoi mhíchumas chun ár seirbhísí a rochtain. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh Rochtana foilsithe ar ár suíomh gréasáin.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Tá sé d'oibleagáid ar chomhaltaí na Comhairle agus ar bhaill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 a chomhlíonadh, agus Ráiteas Leasanna a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i gcás ina bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ann ar a bhfeidhmíocht d'ábhair na Comhairle.

## Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá an Chairt Seirbhíse do Chustaiméirí foilsithe ar ár suíomh gréasáin agus léirítear leis ár dtiomantas do sheirbhís ardcháilíochta a sholáthar do chustaiméirí i gcomhréir le tionscnaimh Seirbhíse do Chustaiméirí atá faofa ag an Rialtas. Lenár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí 2024-2027, atá ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin, tugtar mionsonraí faoin gcaoi a ndéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta na caighdeáin agus na gealltanais a leagtar amach sa Chairt a chur chun feidhme, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú. Forbraíodh é i gcomhréir le 12 Threoirphrionsabal na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, agus leagtar amach leis an bPlean Gníomhaíochta na caighdeáin seirbhíse a bhféadfaidh coinne a bheith ag ár gcustaiméirí leo, mar aon leis na príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidimid chun ár bhfeidhmíocht a thomhas agus chun feabhas leanúnach a chur uirthi.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sí cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá beartais i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, amhail deiseanna leanúnacha forbartha pearsanta, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe agus sosanna gairme. Tá Beartas Bulaíochta agus Ciaptha agus Dínite ag an Obair i bhfeidhm agus tá sé curtha in iúl don fhoireann ar fad.

## Soláthar


Tagraítear le soláthar poiblí don phróiseas lena gceannaíonn comhlachtaí seirbhíse poiblí earraí, seirbhísí nó oibreacha ó sholáthróirí a roghnaigh siad chuige sin. Tá raon leibhéil i gceist leis, ó ghnáthearraí nó seirbhísí a cheannach go conarthaí mórscála le haghaidh tionscadail bonneagair, agus cuirtear sonraisc chuig raon éagsúil údarás conarthach. Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag an gComhairle Mhúinteoireachta, a chomhlíonann na tairseacha luacha reatha chun rialacha AE agus náisiúnta a chur i bhfeidhm. Is nós imeachta caighdeánach é tairiscint iomaíoch sa phróiseas soláthair sin.

Sainmhínítear Soláthar Poiblí Glas mar ‘phróiseas trína lorgaíonn údaráis phoiblí earraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu i rith a saolré i gcomparáid le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil an phríomhfheidhm chéanna acu a gheofaí murach sin.’ Téann coincheap an tSoláthair Phoiblí Ghlais ar iontaoibh critéir comhshaoil shoiléire, infhíoraithe, inchosanta agus uaillmhianta a bheith ann do tháirgí agus do sheirbhísí, bunaithe ar chur chuige saolré agus bonn fianaise eolaíche.

Comhlíonann gach próiseas soláthair de chuid na Comhairle Múinteoireachta cleachtais soláthair phoiblí ghlais.

D’fhaomh an Chomhairle Plean Soláthair na Comhairle 2023-2026, a athbhreithníodh agus a mhol an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le haghaidh a fhaomhadh in 2023, in R1 2024. Is é aidhm an phlean sin a chinntiú go gcuirtear gach nós imeachta soláthair sa Chomhairle Mhúinteoireachta i gcrích de réir na dTreoirlínte um Sholáthar Poiblí d’Earraí agus do Sheirbhísí. Leis an bplean, déantar anailís ar chleachtais soláthair agus ar chaiteachas na Comhairle agus leagtar amach spriocanna maidir le luach ar airgead a bhaint amach trí úsáid a bhaint as modhanna dea-chleachtais don soláthar poiblí.


Bhainistigh an fhoireann soláthair 23 gníomhaíocht soláthair don Chomhairle i rith na bliana tuairiscithe.



## Bainistíocht Riosca

Tá beartas cuimsitheach bainistíochta riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta a dhéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle athbhreithniú agus faomhadh bliantúil air. Tá an Chomhairle freagrach ar deireadh thiar as riosca laistigh den eagraíocht agus déantar athbhreithniú ar an ráiteas inghlacthachta riosca in éineacht leis an mbeartas bainistíochta riosca.

Déantar athbhreithniú ráithiúil ar an gClár Rioscaí ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle é uair amháin le linn na bliana tuairiscithe. Ina theannta sin, ag gach cruinniú de chuid na Comhairle, leagtar béim ar na príomhrioscaí trí thuarascáil an Stiúrthóra agus pléann an Chomhairle iad.



## Oibleagáid Tuairiscithe Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn agus do thacú léi. Déanann an Leas-Stiúrthóir Phil Fox maoirsiú ar chomhlíonadh na Comhairle Múinteoireachta le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2001, agus gealltanais na Comhairle sa réimse sin á neartú. Cinntíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil a suíomh gréasáin, tairseach chlárúcháin, príomhfhoilseacháin, cóid chleachtais agus an chumarsáid ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Deimhnítear an Ghaeilge mar phríomhtheanga d'fhéiniúlacht bhranda, do chomharthaíocht agus d'ábhair chlóite na Comhairle, rud a threisíonn ár dtiomantas d'infheictheacht agus inrochtaineacht na Gaeilge. Foilsítear comhfhreagras oifigiúil, postálacha ar na meáin shóisialta agus meáin eile go dátheangach. Cuireann an Chomhairle seirbhísí dátheangacha do chustaiméirí ar fáil, cothaíonn sí cultúr forbartha leanúnaí gairmiúla don fhoireann trí rochtain ar chúrsaí Gaeilge a sholáthar, agus coinníonn sí a tiomantas ar bun maidir lena chinntiú go bhfuil 20% ar a laghad dá fógraíocht as Gaeilge. Is í aidhm na Comhairle go mbeidh 20% den fhoireann inniúil sa Ghaeilge faoi 2030. Tá cur chun cinn na Gaeilge comhtháite i bPlean Straitéiseach 2022-2027 na Comhairle Múinteoireachta, agus tugtar tús áite d'inniúlachtaí Gaeilge i gcláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM). Leanaimid den dlúthchomhar leis an gCoimisinéir Teanga agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn.

An 27 Márta 2025, chuireamar tuairisceán i gcrích don Choimisinéir Teanga faoi Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Chruthaíomar bosca ríomhphoist tiomnaithe le haghaidh comhfhreagrais a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla sa tréimhse tuairiscithe.

## Airgeadas

Ba é €10.29 milliún caiteachas na Comhairle Múinteoireachta sa bhliain airgeadais 2024, méadú €0.62 milliún i gcomparáid le 2023. Ba é ioncam na Comhairle (lena n-áirítear infheistíocht agus glanioncam cíosa lúide cáin) €9.896 milliún, méadú €0.23 milliún ar 2023.

Chun riachtanais sreabhaidh airgid in 2024 a shásamh, d'aistarraing an Chomhairle €1.5 milliún óna punann infheistíochta. Tuartar easnaimh mhóra oibríochta don bhliain amach romhainn, rud a laghdóidh an phunann infheistíochta a thuilleadh. Bhí coinne leis an gcás seo mar chuid de phleanáil airgeadais fhoriomlán na Comhairle agus tá pleananna á gcur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin.



# Aguisíní

1. Aguisín 1: Ráitis Airgeadais 39
2. Aguisín 2: Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta 65
3. Aguisín 3: Coistí agus Painéil 66
4. Aguisín 4: Costais Chomhaltaí na Comhairle 2024 73

# Aguisín 1: Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## Comhaltas na Comhairle go dtí an 3 Aibreán 2024

Michelle Keane: Cathaoirleach

Ann Mulcahy: Leas-Chathaoirleach

## Comhaltas na Comhairle go dtí an 3 Aibreán 2024

### Comhaltaí na Comhairle

| | |
|---|---|
| Áine Lynch | Mai Fanning (d'éirigh as, an 12 Nollaig 2023) |
| Anne Howard | Mary Curley |
| Anne Loughnane | Mary Magner |
| Bryan O'Reilly | Michael Delargey |
| Catherine Cross (ceaptha 12/12/23) | Niall Duddy |
| Catherine Doolan | Niamh Dennehy |
| Catherine Moynihan | Niamh Hourigan |
| Ciaran James O'Donnell | Noel Cronin |
| David O'Sullivan | Paul Moroney |
| Declan Fahie | Peter McCabe |
| Eamon Dennehy | Rosena Jordan |
| Eamonn Shaughnessy | Séamus Ó Fearraigh |
| Fergal McCarthy | Seán Ó Dubhlaing |
| Gerry Leydon | Seán Ó hArgáin |
| Gráinne Conachy | Seán O'Neill |
| Jean Beswick Duignan | Teresa O'Doherty |
| Kathleen Burke | Tracie Tobin |
| Liam Ó Néill | |

## Comhaltas Reatha na Comhairle

Eamon Dennehy: Cathaoirleach

Mary Curley: Leas-Chathaoirleach

## Comhaltaí Reatha na Comhairle

| | |
|---|---|
| Adrian Guinan | Hazel O'Connor McWey |
| Adrieanne Healy | Jean Beswick Duignan |
| Aileen Horkan | Joseph McKeown |
| Áine Lynch | Liam Doran (d'éirigh as, 15/4/24) |
| Andy Pike (ceaptha 12/12/24) | Liam Ó Néill |
| Anne Loughnane | Máire Kenefick |
| Bryan O'Reilly | Marcella Nic Niallaigh |
| Catherine Cross | Mary Magner |
| Catherine Moynihan | Neil O'Sullivan (ceaptha 15/4/24) |
| Claire Ní Mharcaigh | Niamh Dennehy |
| Clodagh O'Hara | Niamh Hourigan |
| David Fagan | Noel Cronin |
| David O'Sullivan | Patrick Knightly |
| Declan Fahie | Paul Moroney |
| Desmond Cogan | Séamus Ó Fearraigh |
| Fergal McCarthy | Seán Ó hArgáin |
| Geoffrey Browne (ceaptha 20/8/24) | Teresa O'Doherty |
| Gráinne Conachy | Ursula O'Connor |

### Iniúchóirí
Cuideachta Neamhtheoranta Crowleys DFK
Cuntasóirí Cairte agus
Gnólacht Iniúchta Reachtúil
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

### Seoladh Gnó
Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

### Baincéirí
Banc na hÉireann
An Phíomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

### Dlíodóirí
Fieldfisher Ireland LLP
45 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

# Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle | 42-46 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 47-48 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 49-52 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 53 |
| Clár Comhardaithe | 54 |
| Ráiteas Sreabhaidh Airgid | 55 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 56-64 |

## Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sí an cúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach mórcheist ghnó. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta an stiúradh straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an gComhairle a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Chomhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eagraíocht, lena n-áirítear aon riosca mór a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar phointe teagmhála díreach idir an Chomhairle agus foireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta.

## Freagrachtaí na Comhairle

Tá dualgais agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach ina Cód Cleachtais ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh na Comhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- Dearbhú leasa
- Miontuairiscí cruinnithe a reáchtáladh roimhe seo a fhaomhadh
- Tuarascáil an Stiúrthóra
- Glacadh le tuarascálacha ó choistí agus iad a bhreithniú agus cinntí a dhéanamh ina dtaobh, más cuí
- Nithe forchoimeádta

Ceanglaítear le hAlt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ar an gComhairle na cuntais agus na taifid uile is cuí agus is gnách ar airgead a fhaightear agus a chaitear agus maoin, sócmhainní agus dliteanais uile na Comhairle a choinneáil.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gComhairle:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú
- A lua cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil lena nochtaítear, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus lena gcumasaítear comhlíonadh na ráitis airgeadais a chinntiú le hAlt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Is í an Chomhairle atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an Chomhairle freagrach as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta léargas cóir agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle Múinteoireachta an 31 Nollaig 2024.

## Struchtúr na Comhairle

Tá 37 comhalta deonach ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile (naonúr acu tofa agus beirt ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile (seachtar acu tofa agus ceathrar ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- Beirt ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht scoileanna (dhá bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil)
- Beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (bunscoil amháin agus iar-bhunscoil amháin) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais (lena n-áirítear ionadaí amháin ó IBEC agus ó ICTU)

Ceaptar comhaltaí na Comhairle le haghaidh téarma ceithre bliana. Féach faisnéis ón gComhairle ag tús na ráiteas airgeadais le haghaidh mionsonraí faoin gComhairle reatha.

Tá na Coistí agus na Painéil seo a leanas bunaithe ag an gComhairle:

- An Coiste Feidhmiúcháin - a éascaíonn feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnó na Comhairle a dhéanamh idir na cruinnithe Comhairle.
- An Coiste Imscrúdúcháin - Féadfaidh duine ar bith iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdúcháin ar fhiosrúchán maidir le feidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh.
- An Coiste Araíonachta - Reáchtálfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht maidir le gearán curtha faoina bhráid ag an gCoiste Imscrúdúcháin.
- An Coiste Clárúcháin - a chuireann comhairle ar an gComhairle agus a dhéanann moltaí maidir le gach gné a bhaineann le clárú múinteoirí.
- An Coiste Oideachais - atá freagrach as moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann le contanam an oideachais múinteoirí.
- An Coiste Airgeadais – a dhéanann maoirsiú ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.
- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca – a dhéanann monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht agus a bhainistíonn riosca.
- An Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin - Feidhmíonn an Coiste Clárúcháin mar an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin i gcásanna ina bhfuil múinteoirí míshásta le toradh cinnidh atá déanta ag an bpainéal agus iarrann siad athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh.
- An Painéal Clárúcháin - atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le clárú múinteoirí, amhail síneadh ama a cheadú dóibh siúd atá cláraithe ar bhonn coinníollach.
- Painéal Measúnaithe Duine Oiriúnach agus Cuí - a dhéanann measúnú ar an bhfianaise ar charachtar iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Tá an Painéal freagrach freisin as measúnú a dhéanamh ar dhaoine oiriúnacha agus cuí mar chuid den phróiseas athnuachana clárúcháin.
- An Painéal Cáilíochtaí - a dhéanann measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla iarrthóirí ar mian leo clárú mar mhúinteoirí.

## Nochtaí a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") a chinntiú. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

### Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe "gnó mar is gnách".

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle dlí | 79,469 | 82,650 |
| Riarachán pinsin | 21,310 | 19,911 |
| Cosaint Sonraí | 10,275 | 3,661 |
| Rialú inmheánach & iniúchadh inmheánach | 23,794 | 8,610 |
| Cumarsáid | 34,770 | 30,899 |
| TFC | 55,504 | 45,252 |
| Acmhainní Daonna | 4,883 | 2,902 |
| Rialachas Corparáideach | – | 32,412 |
| Athbhreithniú Eagraíochta & Pleanáil Lucht Saothair | 40,160 | 59,409 |
| Soláthar | 1,433 | 3,155 |
| Airgeadas agus Infheistíocht | 48,493 | 30,750 |
| Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú | 18,419 | – |
| Comhairliúchán faoi bheartas | 4,920 | – |
| | 343,430 | 319,611 |

### Costais Dhlíthiúla Eile

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costais Dhlíthiúla – Clárú | 172,155 | 298,708 |
| Costais Dhlíthiúla – Caighdeáin Ghairmiúla | 1,055,146 | 890,664 |
| | 1,227,301 | 1,189,372 |

| Caiteachas Taistil & Cothaithe | | |
|---|---|---|
| | **2024** | **2023** |
| | **€** | **€** |
| **Intíre** | – | – |
| Comhaltaí na Comhairle | 213,754 | 170,123 |
| Foireann | 36,855 | 42,317 |
| **Idirnáisiúnta** | – | – |
| Comhaltaí na Comhairle | 1,836 | 5,076 |
| Foireann | 11,132 | 9,310 |
| | 263,577 | 226,826 |

| Caiteachas Fáilteachais | | |
|---|---|---|
| | **2024** | **2023** |
| | **€** | **€** |
| Leas foirne | 1,993 | 1,681 |

## Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici lena chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh.

## Forbairtí Amach Anseo

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint dá gníomhaíochtaí reatha.

## Taifid Chuntasaíochta

Faoi Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta shásúla a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá taifid chuntasaíochta na Comhairle Múinteoireachta á gcoimeád ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

## Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Cuideachta Neamhtheoranta Crowleys DFK (Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil) in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh i mbun oifige.

## Gnóthas Leantach

Tá buiséid agus sreabha airgid ullmhaithe ag comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas na heagraíochta freastal ar a dliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann comhaltaí na Comhairle gur cuí é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartú ar na suimeanna glanluacha agus aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d’fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## Teagmhais Iar-Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon teagmhas tar éis dheireadh na bliana a mbeadh tionchar aige ar na ráitis airgeadais nó sna nótaí a ghabhann leo, nó a d’éileodh nochtadh ina leith.

## Ráiteas maidir le Faisnéis Iniúchóireachta Ábhartha

Níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ann nach bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoi. Tá gach beart glactha ag comhaltaí na Comhairle chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus tá sé cruthaithe acu go bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann na Comhairle

**Eamon Dennehy**
**Cathaoirleach**
Dáta: 26 Bealtaine 2025

**Lynn Ramsey**
**Stiúrthóir**

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach i bhfeidhm agus á oibriú.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le Treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Le linn 2024, bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina raibh cúigear comhaltaí den Chomhairle agus comhalta seachtrach neamhspleách amháin. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2024.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a sheachfhoinsiú a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus déanann sí clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá curtha i bhfeidhm agus a lena dtugtar mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne i leith riosca.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus aicmithe de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí maidir leis na rialuithe agus gníomhaíochtaí atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn míosúil
- I measc na nósanna imeachta atá bunaithe chun déileáil le himpleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó tá treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin amhail teorainneacha údaraithe atá faofa ag an gComhairle agus deighilt dualgas idir próiseáil agus faomhadh íocaíochtaí
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiceacha agus sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta agus
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an ardbhainistíocht ar fheidhmíocht mhíosúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais lena dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséad

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon an Chomhairle Mhúinteoireachta na nósanna imeachta sin le linn 2024.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar an obair, agus an fhoireann ardbhainistíochta laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2024 curtha i gcrích ag an gComhairle.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laige shuntasach sa rialú inmheánach maidir le 2024 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann na Comhairle

Eamon Dennehy

**Eamon Dennehy**
**Cathaoirleach**
Dáta: 26 Bealtaine 2025

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

## Tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ina gcuimsítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Baineadh úsáid as creat tuairiscithe airgeadais nuair a bhí na ráitis á n-ullmhú a nglactar leis i nDlí na hÉireann agus in FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann".

Is é ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar leo léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an chumainn amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a bharrachas ag deireadh na bliana sin;
- go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir cheanglais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Bunús tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhfreagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar rannán na ráiteas airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gComhairle de réir riachtanais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn agus gur cuí sin chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

### Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, thángamar ar an gconclúid go bhfuil sé oiriúnach do chomhaltaí na Comhairle úsáid a bhaint as bunús na cuntasaíochta gnóthais leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteacht ábhartha sainaitheanta againn a bhaineann le teagmhais ná dálaí, ina n-aonar nó le chéile, a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar amhrais maidir le cumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach le haghaidh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a n-údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí chomhaltaí na Comhairle maidir le gnóthas leantach sna rannáin ábhartha den tuarascáil seo.

## Faisnéis Eile

Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil ár nIniúchóra in leith. Ní chumhdaítear lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir leis an iniúchadh atá déanta againn ar na ráitis airgeadais, táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a bailíodh le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Sa chás go sainaithnímid aon neamhréir ábhartha nó ráiteas a bhfuil an chuma air go bhfuil sé neamhchruinn, tá sé de cheangal orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil sé de chonclúid go bhfuil míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs sin.

## Ábhair ar a gceanglaítear orainn tuairisciú trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Comhairle agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráiteas ábhartha sainaitheanta againn sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle.

## Freagrachtaí faoi seach

## Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle as na ráitis airgeadais

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as iad féin a shásamh go dtugtar léargas fíorcheart iontu, agus as pé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus a nochtadh, de réir mar is cuí, ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus leis an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé ar intinn ag an bhfoireann bainistíochta an Chomhairle a leachtú nó scor den oibríocht, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch aige ach é sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí iniúchóirí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais

